Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2017**
**(OR. en)**

**9671/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0121 (COD)**

**TRANS 215**
**SOC 441**
**EMPL 342**
**MI 456**
**COMPET 450**
**CODEC 926**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2017) 278 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmiúcháin agus lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le hoibrithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 278 final.

---

Faoi iamh: COM(2017) 278 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.5.2017
COM(2017) 278 final

2017/0121 (COD)

Togra le haghaidh

# TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmiúcháin agus lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le hoibrithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar**

{SWD(2017) 184 final}
{SWD(2017) 185 final}
{SWD(2017) 186 final}
{SWD(2017) 187 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

In earnáil an iompair de bhóthar, rannchuidíonn rialacha sóisialta an Aontais leis na cuspóirí beartais a bhaint amach, mar atá dálaí oibre tiománaithe a fheabhsú, iomaíocht chóir idir cuideachtaí iompair de bhóthar a áirithiú agus an tsábháilteacht ar bhóithre do na húsáideoirí bóithre uile a fheabhsú. Na rialacha sin a chur in oiriúint do riachtanais na hearnála agus é a dhéanamh níos éasca iad a chur i bhfeidhm agus iad a fhorfheidhmiú go haonfhoirmeach éifeachtúil, is cuid thábhachtach an méid sin de straitéis an Choimisiún margadh an iompair de bhóthar san Aontas a chomhtháthú a thuilleadh agus an earnáil a dhéanamh níos córa, níos éifeachtúla agus níos cuntasaí ón taobh sóisialta de, mar a léiríodh sa pháipéar bán an 28 Márta 2011[1].

Ar na príomhrialacha sóisialta atá i bhfeidhm maidir le hiompar de bhóthar tá forálacha maidir le hamanna oibre tiománaithe a leagtar amach i dTreoir 2 002/15/CE[2], íoscheanglais d'fhorfheidhmiúchán a leagtar amach i dTreoir 2 006/22/CE, rialacha maidir le hamanna tiomána, sosanna agus tréimhsí scíthe faoi Rialachán (CE) Uimh. 561/2006[3] agus forálacha maidir le hoibrithe a phostú a leagan síos i dTreoir 9 6/71/CE[4] agus i dTreoir 2 014/67/AE[5] maidir le forfheidhmiúchán. Is éard atá sna gníomhartha dlí sin cuid d'iarracht níos forleithne dálaí oibre tiománaithe a fheabhsú agus an tsábháilteacht ar bhóithre na hEorpa a fheabhsú agus an chothromaíocht a áirithiú idir cosaint shóisialta na dtiománaithe agus saoirse na n-oibreoirí seirbhísí trasteorann a sholáthar.

Ba é tátal na meastóireachta *ex-post* ar an reachtaíocht shóisialta i réimse an iompair de bhóthar agus ar a fhorfheidhmiú a rinneadh in 2015-2017[6] mar chuid den chlár um Oiriúnacht Rialála (REFIT) nach dtugann na rialacha atá ann cheana aghaidh go héifeachtach éifeachtúil ar na rioscaí atá ann go rachaidh dálaí oibre in olcas agus go mbeidh saobhadh iomaíochta ann. Easnaimh sa chreat dlí is cúis leis sin. Tá rialacha áirithe doiléir, mí-oiriúnach nó deacair a chur chun feidhme nó a fhorfheidhmiú, rud a fhágann go bhfuil difríochtaí maidir le cur chun feidhme na rialacha comhchoiteanna idir na Ballstáit agus go bhféadfadh sé go mbeadh ilroinnt sa mhargadh.

Is léir ón anailís a rinneadh ar na fadhbanna ar an leibhéal praiticiúil nach mór aghaidh a thabhairt go práinneach ar na difríochtaí i gcur chun feidhme agus i gcur i bhfeidhm Threoir 9 6/71/CE agus Threoir 2 014/67/AE maidir le hearnáil an iompair de bhóthar. Is é tátal an mheasúnaithe tionchair a thacaíonn leis an togra reachtach seo nach n-oireann na forálacha agus na ceanglais riaracháin maidir le postú don ghné an-soghluaiste d'obair na dtiománaithe in earnáil an iompair idirnáisiúnta de bhóthar. Is éard a thagann as sin ualaí rialála míréireacha ar oibreoirí agus bacainní nach bhfuil údar cuí leo ar sheirbhísí trasteorann a sholáthar. Leagadh béim ar na deacrachtaí dlí agus praiticiúla a bhaineann leis na rialacha maidir le

[1] COM(2011)144 final
[2] IO L 80, 23.3.2002, lch.35
[3] IO L 102, 11.4.2006, lch. 1
[4] IO L 18, 21.1.1997, lch.1
[5] IO L 159, 28.5.2014, lch.11
[6] Cumhdaíodh leis an meastóireacht ex-post Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 maidir le hamanna tiomána, sosanna agus tréimhsí scíthe, Treoir 2 006/22/CE maidir le forfheidhmiú fhorálacha an Rialacháin agus Treoir 2 002/15/CE maidir le heagrú am oibre na n-oibrithe soghluaiste iompair de bhóthar.

postú a chur i bhfeidhm maidir le hearnáil an iompair de bhóthar in aithris (10) den togra ón gCoimisiún an 8 Márta 2016[7] chun Treoir 9 6/71/CE a leasú: *Mar thoradh ar nádúr fíor-shoghluaiste na hoibre in iompar idirnáisiúnta de bhóthar, ardaíonn cur chun feidhme na treorach maidir le hoibrithe a phostú ceisteanna dlíthiúla agus cruthaíonn sé deacrachtaí ar leith (go háirithe i gcás nach leordhóthanach an nasc leis an mBallstát lena mbaineann). Bheadh sé níos oiriúnaí dá rachfaí i ngleic leis na dúshláin sin le reachtaíocht earnáilsonrach mar aon le tionscnaimh eile de chuid AE atá dírithe ar fheidhmiú an mhargaidh iompair inmheánaigh de bhóthar a fheabhsú.*

Leis an togra seo foráiltear maidir le cur chuige iomlánaíoch chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí go mbeidh dálaí oibre míshásúla do thiománaithe ann, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, agus ag an am céanna maidir le hualaí rialála iomarcacha ar oibreoirí a mhaolú agus saobhadh iomaíochta a chosc. Is é is móraidhm dó cothromaíocht a áirithiú idir dálaí oibre sásúla do thiománaithe agus saoirse d'oibreoirí seirbhísí trasteorann a chur ar fáil.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is cuid é an togra seo d'athbhreithniú leanúnach níos cuimsithí ar reachtaíocht an Aontais maidir le hiompar de bhóthar. Tá dlúthbhaint idir é agus tionscnamh i leith feabhas a chur ar shoiléire agus leordhóthanacht na rialacha maidir le hamanna tiomána, sosanna agus tréimhsí scíthe a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 agus ar na rialacha maidir le tacagraf a úsáid a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 165/2014. Tá baint aige freisin leis an athbhreithniú leanúnach ar na rialacha margaidh maidir le rochtain ar ghairm an oibreora iompair de bhóthar (Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009), rochtain ar an margadh tarlaithe idirnáisiúnta (Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009) agus rochtain ar an margadh paisinéirí idirnáisiúnta (Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009). Is creat dlí comhsheasmhach iad na rialacha sóisialta agus margaidh agus tá sé ríthábhachtach iad a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach éifeachtach chun earnáil iompair de bhóthar chothrom shábháilte a fhorbairt atá inbhuanaithe go sóisialta agus ó thaobh an chomhshaoil de. Ní fhéadann na tionscnaimh sin leo féin aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin shóisialta agus mhargaidh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuidíonn an togra le dhá cheann de thosaíochtaí an Choimisiúin seo, "margadh inmheánach níos doimhne" a fhorbairt agus borradh a chur faoi "phoist, fás agus infheistíocht" go háirithe. Tá sé comhsheasmhach le gníomhartha arb aidhm leo an éagothroime shóisialta agus an iomaíocht éagothrom a chomhrac agus creat sóisialta a fhorbairt do dheiseanna fostaíochta nua agus do dhálaí gnó córa.

Ar cheann d'aidhmeanna an tionscadail tá dálaí oibre sásúla agus cosaint shóisialta iomchuí a áirithiú. Dá bhrí sin tá sé ag teacht le cuspóirí Chlár Shóisialta an Choimisiúin agus leis an tionscnamh maidir le colún Eorpach na gCeart Sóisialta a fhorbairt. Ina theannta sin tá sé comhsheasmhach le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a leagtar síos in Airteagal 3 1 ann an ceart dálaí oibre cearta córa a fháil.

Rannchuidíonn an togra le Clár REFIT trí ualaí rialála a laghdú agus trí rialacha áirithe a shimpliú agus a oiriúnú do riachtanais shonracha na hearnála. Déanfaidh sé an forfheidhmiú níos éifeachtúla trí úsáid níos fearr a bhaint as uirlisí agus córais rialacháin atá ann cheana.

[7] COM(2016) 128

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Leasaítear Treoir 2 006/22/CE leis an togra seo agus leagtar síos rialacha earnáilsonracha maidir le hoibrithe a phostú i dtaca le Treoir 9 6/71/CE agus Treoir 2 014/67/AE.

Tá Treoir 2 006/22/CE bunaithe ar Airteagal 9 1(1) (mar a thugtar anois air) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus ba cheart dul i muinín na forála sin chun í a leasú.

Tá Treoir 9 6/71/CE agus Treoir 2 014/67/EU ar Airteagal 5 3(1) (mar a thugtar anois air) CFAE. Mar sin féin, ós rud é go mbaineann na rialacha a mholtar anseo go heisiach le cúinsí a bhaineann le seirbhísí iompair a chur ar fáil, ba cheart dul i muinín Airteagal 9 1(1) CFAE.

.

- **Coimhdeacht**

Faoi Airteagal 4 (2)(g) CFAE roinneann an tAontas an inniúlacht rialála i réimse an iompair leis na Ballstáit. Mar sin féin, is é reachtóir an Aontais Eorpaigh amháin ar féidir leis leasuithe a dhéanamh ar na rialacha atá ann cheana.

Ciallaíonn easnaimh sa reachtaíocht atá ann cheana go ndéanann na Ballstáit rialacha sóisialta an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear na rialacha a bhaineann le hoibrithe a phostú. Níor leordhóthanach treoirlínte ná féinrialáil a dhéanann na Ballstáit lena áirithiú go ndéanfar na rialacha sóisialta maidir le hiompar de bhóthar a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach ar fud an Aontais. Dá bhrí sin tá údar maith le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra thar an méid is gá chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna arna sainaithint maidir le dálaí oibre míshásúla do thiománaithe agus saobhadh iomaíochta idir oibreoirí.

Mar atá luaite i Roinn 7.2 den mheasúnú tionchair, cuirtear chun cinn leis an togra an rogha beartais a meastar gurb é is oiriúnaí agus is comhréirí, lena soláthrófar cothromaíocht idir dálaí oibre na dtiománaithe a fheabhsú, ualaí rialála d'oibreoirí a laghdú agus na rialacha a fhorghníomhú go héifeachtach thar theorainneacha.

Dírítear leis an togra ar rialacha áirithe a shimpliú, a shoiléiriú agus a choigeartú chun freastal ar riachtanais na hearnála. Seachnaítear leis aon ualaí riaracháin neamhriachtanacha ar oibreoirí agus is é is aidhm leis a áirithiú go mbeidh na ceanglais maidir le comhar riaracháin agus cúnamh frithpháirteach comhréireach idir na Ballstáit. Ba é tátal an mheasúnú tionchair nach mbeidh aon tionchar míréireach ag na bearta beartais atá beartaithe ar FBManna.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é go ndéantar líon teoranta leasuithe leis an togra ar Threoir 2 006/22/CE agus go leagtar síos leis rialacha earnáilsonracha maidir le hoibrithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar i dtaca le Treoir 9 6/71/CE agus Treoir 2 014/67/AE, is Treoir í an ionstraim a roghnaíodh freisin.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Cuireadh Treoir 2 006/22/CE maidir le forfheidhmiú an dlí, mar aon le Rialachán Uimh. 561/2006 maidir le hAm Tiomána agus Treoir 2 002/15/CE maidir le hAm Oibre faoi mheastóireacht chuimsitheach *ex-post* a rinneadh in 2015-2017[8]. Thacaigh staidéar seachtrach[9] leis an meastóireacht sin.

Is iad seo na saincheisteanna is mó a sainaithníodh:

– léiriú éagsúil agus forfheidhmiú éagsúil ar an bhforáil maidir leis na tréimhsí a bhíonn an tiománaí ar shiúl ón bhfeithicil a thaifeadadh;

– sárú ar na rialacha maidir le ham oibre as a eascraíonn uaireanta oibre iomarcacha do thiománaithe agus tuirse charntha as a dtagann éifeachtaí díobhálacha ar shláinte agus sábháilteacht tiománaithe agus ar shábháilteacht ar bhóithre;

– lagfhorfheidhmiú ar na forálacha maidir le ham oibre agus easpa sonraí aonfhoirmeacha ar sheiceálacha faireacháin agus comhlíontachta;

– comhar riaracháin lag agus cúnamh frithpháirteach lag idir na Ballstáit, rud a chuireann srian le cur chun feidhme comhsheasmhach rialacha an Aontais;

rátálacha riosca gnóthas iompair á measúnú le córais náisiúnta neamhchomhsheasmhacha, srian á chur le malartú faisnéise agus le comparáid a dhéantar idir sonraí d'fhonn seiceálacha éifeachtacha a dhéanamh;

– úsáid neamhleordhóthanach a bhaint as sonraí i gcórais rátála rioscaí, rud a chuireann isteach ar spriocdhíriú éifeachtach ar rialuithe;

rioscaí nár tugadh aghaidh orthu a bhaineann le dálaí oibre atá ag dul in olcas a thagann as pá agus cosaint shóisialta neamhleordhóthanach do thiománaithe a oibríonn ar feadh tréimhsí fada lasmuigh den tír ina bhfuil siad fostaithe.

Ní raibh na forálacha maidir le hoibrithe a phostú ina gcuid fhollasach den mheastóireacht sin de chuid REFIT. Mar sin féin, léiríodh leis na deacrachtaí atá ann i dtaca leis na bearta náisiúnta éagsúla maidir le hoibrithe san earnáil iompair de bhóthar a phostú nach bhfuil na rialacha ginearálta maidir le postú oiriúnach don lucht saothair an-soghluaiste san earnáil iompair de bhóthar agus gur ualach as cuimse iad na ceanglais riaracháin, rud a chuireann srian leis an tsaoirse seirbhísí trasteorann a chur ar fáil.

8 féach fonóta uimh. 1.

9 https://ec.europa.eu/transport/sites/transport/files/facts-fundings/evaluations/doc/2016-ex-post-eval-road-transport-social-legislation-final-report.pdf

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Reáchtáladh comhairliúcháin fhorleathana leis na páirtithe leasmhara chun an togra seo a ullmhú, i gcomhréir leis na caighdeáin íosta le haghaidh comhairliúchán le páirtithe leasmhara a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2002 (COM(2002) 704 final).

Rannchuidigh na grúpaí geallsealbhóirí ábhartha uile leis an bpróiseas comhairliúcháin: údaráis náisiúnta, comhlachtaí forfheidhmiúcháin, comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar oibreoirí iompair de bhóthar (lasta agus paisinéirí), seoltóirí lasta, seoladóirí, FBManna, ceardchumainn, tiománaithe agus oibrithe eile iompair de bhóthar. Go háirithe, chuathas i gcomhairle go forleathan leis na Comhpháirtithe Sóisialta Eorpacha i rith an phróisis ar fad. Baineadh úsáid as modhanna agus uirlisí comhairliúcháin éagsúla:

- Ag Comhdháil Ard-Leibhéil an 4 Meitheamh 2015 maidir le 'Clár Oibre Sóisialta i gcomhair an Iompair' cuireadh tús le díospóireacht chuimsitheach maidir leis na gnéithe sóisialta den iompar de bhóthar; tugadh le chéile thart ar 350 rannpháirtí: cinnteoirí, saineolaithe ar an iompar, comhpháirtithe sóisialta;

- Seimineáir ag deireadh 2015, lenar tugadh le chéile geallsealbhóirí tionsclaíochta, ionadaithe na mBallstát agus na comhpháirtithe ar leibhéal an Aontais. Leis an bplé sin díríodh ar an gcaoi a bhfuil an reachtaíocht shóisialta agus reachtaíocht an mhargaidh inmheánaigh ag feidhmiú i dtaca leis an iompar de bhóthar;

- Comhdháil maidir le hIompar de Bhóthar an 19 Aibreán 2016 mar a raibh ceardlann a bhí dírithe ar na gnéithe margaidh inmheánaigh agus shóisialta den iompar de bhóthar. Bhí thart ar 400 rannpháirtí i láthair, ionadaithe na mBallstát, Baill de Pharlaimint na hEorpa agus geallsealbhóirí tábhachtacha go háirithe a rinne plé ar chuspóirí agus raon feidhme na dTionscnamh a bhaineann le hiompar de bhóthar;

- Cuireadh tús le cúig shuirbhé oiriúnaithe chun soiléiriú a fháil ar thuairimí na n-aireachtaí iompair náisiúnta (inar díríodh ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na rialacha), na n-údarás forfheidhmiúcháin ( inar díríodh ar chleachtais forfheidhmiúcháin, costais agus tairbhí forfheidhmiúcháin), gnólachtaí (inar díríodh ar thionchar na reachtaíochta ar oibreoirí sa mhargadh), na gceardchumann (inar díríodh ar thionchar na reachtaíochta ar thiománaithe) agus geallsealbhóirí eile amhail comhlachais tionsclaíochta (inar díríodh ar fhorléargais ar thionchair na reachtaíochta). San iomlán fuarthas 1441 fhreagra (ó chuideachtaí iompair de bhóthar a tháinig 1269 díobh sin).

- Reáchtáladh agallaimh le 90 geallsealbhóir (ar thiománaithe 37 díobh) chun léargas a fháil ar an gcaoi ina bhfuil an forfheidhmiú ag feidhmiú i dtuairim na ngeallsealbhóirí agus an raibh sé éifeachtach nó nach raibh agus ar na dúshláin a bhaineann le comhlíontacht.

- Comhairliúchán poiblí[10] idir an 5 Meán Fómhair agus an 11 Nollaig 2016 chun an fhadhb a shainmhíniú agus réitigh fhéideartha a shainaithint. Ar na 1378 bhfreagairt bhí 1209 ó thiománaithe, oibreoirí, seoladóirí, seoltóirí agus 169 ó údaráis náisiúnta, comhlachtaí forfheidhmiúcháin, eagraíochtaí oibrithe agus comhlachais tionsclaíochta;

- Suirbhé ar phainéal FBManna idir an 4 Samhain 2016 agus an 4 Eanáir 2017. Sna 109 bhfreagra a fuarthas, bhí tuairimí maidir le cuspóirí an athbhreithnithe ar an gcreat dlí agus maidir le réitigh fhéideartha;

---

[10] Achoimre ar na torthaí http://ec.europa.eu/transport/modes/road/consultations/2016-social-legislation-road_en

- Suirbhé ar líne ar thiománaithe (sna 345 fhreagra a fuarthas bhí tuairimí faoi na bearta féideartha, ach is ón Ísiltír a tháinig 140 díobh sin agus ón Ríocht Aontaithe 127 gcinn díobh); suirbhé ar na húdaráis náisiúnta agus na comhlachtaí forfheidhmiúcháin (fuarthas 41 fhreagra ó 27 mBallstát an Aontais móide an Iorua agus an Eilvéis) agus suirbhé ar oibreoirí (73 fhreagra a fuarthas ach arís ní raibh sé iomlán ionadaíoch toisc gurb as an Ungáir a tháinig 58 bhfreagra);

- Agallaimh le 7 gcuideachta iompair, 9 gcomhlachas tionsclaíocht náisiúnta, 9 n-údarás náisiúnta, 4 cheardchumann náisiúnta agus 6 Chomhpháirtí Shóisialta Eorpacha.

Cuireadh na Comhpháirtithe Sóisialta Eorpacha ar an eolas go tráthrialta agus chuathas i gcomhairle leo i gcuid mhaith cruinnithe déthaobhacha leis an gCoimisiún agus ag cruinnithe rialta den Choiste Comhphlé Earnálach um Iompair de Bhóthar agus de Mheitheal na gComhpháirtithe Sóisialta.

Ag na gníomhaíochtaí comhairliúcháin deimhníodh arís gurbh ann do na príomhfhadhbanna seo a leanas: 1) dálaí oibre míshásúla do thiománaithe; 2) saobhadh na hiomaíochta idir na hoibreoirí iompair; agus 3) ualaí rialála d'oibreoirí agus do na Ballstáit. Is iad seo na príomh-shaincheisteanna arna sainaithint is cúis leis na dúshláin sin: rialacha sóisialta doiléire nó mí-oiriúnacha, na rialacha a chur i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla, forfheidhmiú neamh-chomhsheasmhach neamhéifeachtach agus comhar riaracháin lag idir na Ballstáit.

I dtaca leis na dréachtbhearta beartais, thacaigh na geallsealbhóirí uile go láidir leis an bhforfheidhmiú agus an comhar idir na húdaráis forfheidhmiúcháin a neartú, cé gur léirigh roinnt údarás forfheidhmiúcháin imní faoi na costais forfheidhmiúcháin breise a d'fhéadfadh a bheith ann. Go háirithe, thacaigh na húdaráis náisiúnta agus na heagraíochtaí forfheidhmiúcháin ar leibhéal an Aontais (agus breis agus 70% ina bhfabhar) go mór leis na bearta chun córais rátála riosca náisiúnta a chomhchuibhiú agus rochtain i bhfíor-am a thabhairt ar na sonraí atá sna córais rátála riosca.

Ní raibh na geallsealbhóirí ar aon intinn faoi na dréachtbhearta maidir le dálaí postúcháin san earnáil iompair de bhóthar; thug 13 Bhallstát agus oibreoirí tacaíocht a raibh cuntair áirithe ag dul léi (níor cheart tairseach ama a bheith ró-íseal), agus mheas ceardchumainn go mbeadh an beart díobhálach do thiománaithe. Bhí éagsúlacht tuairimí ann i measc 15 Bhallstát agus oibreoirí. Bhí formhór na ngrúpaí sealbhóirí, ach amháin na ceardchumainn, i bhfabhar an bhirt chun ualaí riaracháin a laghdú nuair a bhíonn na rialacha postúcháin maidir le hiompar de bhóthar á gcur i bhfeidhm.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chuidigh conraitheoirí seachtracha leis an gCoimisiún trí staidéar tacaíochta a dhéanamh don mheastóireacht[11] *ex-post* agus staidéar tacaíochta ar leith don mheasúnú tionchair a cuireadh i gcrích i mBealtaine 2017.

- **Measúnú tionchair**

Tá measúnú tionchair ag gabháil leis an tionscnamh, ar measúnú é ar chuir an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach in iúl ina leith, a raibh moltaí áirithe ag dul léi.

[11] Tuarascáil dheireanach https://ec.europa.eu/transport/sites/transport/files/facts-fundings/evaluations/doc/2016-ex-post-eval-road-transport-social-legislation-final-report.pdf

Tugadh aghaidh ar na príomhthuairimí go léir a bhí ag an mBord sa leagan athbhreithnithe den mheasúnú tionchair (féach an achoimre in Iarscríbhinn 1 ).

Rinneadh breithniú ar na ceithre rogha beartais seo. Tá na chéad trí rogha beartais carnach i leith leibhéal méadaitheach idirghabhála rialála agus tionchair ionchasacha, agus tá an ceathrú rogha cothrománach agus d'fhéadfaí na bearta atá ann a chumasc d'aon cheann de na roghanna eile.

Leis an gcéad rogha beartais díríodh ar an gcreat dlí a shoiléiriú agus an comhar idir na húdaráis forfheidhmiúcháin a mhéadú. Leis an dara rogha díríodh ar an bhforfheidhmiúchán a neartú agus patrúin oibre na n-oibrithe a fheabhsú. Leis an tríú rogha díríodh ar athruithe substainteacha ar na rialacha, cosc ar phá feidhmíochtbhunaithe go háirithe. Sa cheathrú rogha bhí critéir earnáilsonracha agus bearta forfheidhmiúcháin sonracha maidir le hoibrithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar. Bhí leaganacha eagsúla ann a bhí bunaithe ar thairseacha ama: leagan (a) - 3 lá, (b) - 5 lá, (c) - 7 lá agus (d) - 9 lá mar iomlán in aghaidh na míosa féilire arna gcaitheamh i gcríoch Ballstáit is óstach, agus tharstu sin is ag rialacha an Ballstáit is óstach a bheadh feidhm i ndáil le hoibreoir eachtrannach maidir le rátaí íosta pá agus saoire bhliantúil ar pá.

Ba léir gurbh í rogha beartais 1 an rogha is lú éifeacht chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na h éiginnteachta dlíthiúla agus na héagothroime idir tiománaithe agus oibreoirí, arbh é cineál roghnach na mbeart ba mhó ba chúis leo. Chuirfeadh sin leis an imní atá ann maidir leis an líon beart náisiúnta atá le láimhseáil ag tiománaithe agus oibreoirí.

Is léir go bhfuil roinnt fo-éifeachtaí diúltacha ag rogha beartais 3 ar dhálaí tiománaithe san earnáil iompair paisinéirí de bhóthar, toisc go dtiocfadh as an mbeart maidir le scíth mhoillithe ardú 20-33% ar an innéacs tuirse agus méadú 4-5% ar na rioscaí don tsábháilteacht ar bhóithre. Bheadh an tuirse agus an riosca ag gabháil le laghdú 3-5% ar chostais comhlíontachta d'oibreoirí.

Is ag rogha beartais 2 atá na tionchair is dearfaí maidir le dálaí oibre feabhsaithe do thiománaithe (faoina dtiocfadh laghdú 28% ar an innéacs tuirse agus laghdú 43% ar thréimhsí as baile do thiománaithe na 13 Bhallstát agus 16% do thiománaithe na 15 Bhallstát). Ag an am céanna cuidíonn sé le saobhadh iomaíochta a laghdú agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú a bhuí leis na beartais lena ndéantar an forfheidhmiú comhsheasmhach agus níos éifeachtúla, agus laghdaíonn sé na hualaí riaracháin a bheag nó a mhór atá ar na húdaráis náisiúnta agus ar ghnóthais iompair.

Maidir leis an rogha chothrománach (PP4) maidir le hoibrithe a phostú is ísle na costais chomhlíontachta i gcás tairseach níos airde, ós rud é gur lú an líon turas a thagann faoi raon feidhme na rialacha maidir le híostuarastail. Ar an taobh eile de chumhdódh tairseach níos ísle ama grúpa níos cuimsithí tiománaithe atá páirteach i seirbhísí iompair de bhóthar a chur ar fáil, as a dtiocfadh éifeachtaí níos dearfaí maidir le dálaí sóisialta agus oibre a fheabhsú do thiománaithe agus tarraingteacht an phoist a mhéadú.

Is as rogha 4 den chuid is mó a thagann an coigilteas suntasach measta d'oibreoirí, agus as na beartais maidir le ceanglais riaracháin agus rialúcháin go háirithe. Tiocfaidh coigilteas thart ar €785 mhilliún in aghaidh na bliana ar chostais riaracháin. Ní fhéadfaí an coigilteas ar bhonn bhearta rogha 2 a chainníochtú. Mar sin féin, táthar ag súil go dtiocfaidh astu laghduithe ar sháruithe agus ar chostais riaracháin dá bharr sin. Ina theannta sin, dá mbarr is féidir oibríochtaí iompair a bheith níos éifeachtúla agus dreasóidh siad tiománaithe chun filleadh ar

a n-áit chónaithe níos minice. Spreagfaidh siad costais forfheidhmiúcháin atá beagán níos airde áfach ar na húdaráis náisiúnta (idir 1.3% agus 8%), i dtaca le seiceálacha comhlíontachta leis na rialacha maidir le hamanna oibre go háirithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Díríonn an togra ar chuspóir REFIT éifeachtacht reachtaíochta a mhéadú agus na hualaí riaracháin agus rialála atá ar ghnólachtaí a laghdú. Déanann sé an méid sin trí na rialacha a shimpliú agus a chur in oiriúint do riachtanais shonracha na hearnála agus úsáid níos éifeachtaí a bhaint as uirlisí forfheidhmiúcháin agus bunachair sonraí atá níos aonfhoirmí. Cé go bhfuiltear ag súil le méadú beag ar na costais forfheidhmiúcháin atá ar údaráis náisiúnta, tá údar leis ar aon chaoi i ngeall ar an bhfeabhas a thiocfaidh ar dhálaí oibre na dtiománaithe agus ar dhálaí gnó d'oibreoirí, agus beidh laghdú ar chostais neamhchomhlíontachta dá bharr sin. Tiocfaidh méadú ar éifeachtúlacht an fhorfheidhmiúcháin de bharr an togra seo, mar shampla trí bhíthin úsáid níos mó a bhaint as córais rátála riosca chun rialú a dhíriú ar oibreoirí neamhchomhlíonacha. Ní dhíolmhaítear micri-fhiontair leis an togra seo toisc go bhfuil an baol ann go dtiocfadh as dálaí iomaíochta éagothroma agus dálaí oibre éagothroma.

**Cearta bunúsacha**

Rannchuidíonn an togra le cuspóirí Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 3 1 go háirithe lena bhforáiltear maidir leis an gceart dálaí oibre cearta córa a fháil.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleachtaí ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán ar fhorbairtí, go háirithe ar líon, ar chineálacha agus ar a mhinice a dhéantar na rialacha sóisialta a shárú trí thuarascálacha náisiúnta maidir le cur chun feidhme a thiomsú agus sonraí ó eagraíochtaí forfheidhmiúcháin an Aontais a anailísiú. Déanfaidh an Coiste um Iompar de Bhóthar faireachán go rialta ar shaincheisteanna cur chun feidhme agus forfheidhmiúcháin agus déanfaidh sé measúnú orthu freisin. Cruinneofar an fhaisnéis maidir le postú ó bhunachair sonraí náisiúnta, bunaithe ar fhoirm A1 – dearbhú go leanfaidh oibrithe postaithe de bheith cumhdaithe ag córas slándála a dtíre féin.

Déanfar measúnú ar fhorbairtí eile sa mhargadh agus ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar dhálaí oibre agus ar dhálaí iomaíochta trí úsáid a baint as sonraí ábhartha arna mbailiú mar chuid de thionscnaimh eile, an t-athbhreithniú ar an Rialachán maidir le rochtain ar an margadh tarlaithe idirnáisiúnta go háirithe.

- **Doiciméid mhíniúcháin**

Modhnaítear leis an togra seo dhá threoir atá ann cheana go pointe teoranta agus leagtar síos ann rialacha sonracha maidir le dá threoir eile atá ann cheana. Ní mheastar go bhfuil aon doiciméid mhíniúcháin shonracha maidir le trasuí na Treorach ag teastáil.

- **Leasú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar Threoir 2 002/15/CE**

I gcomhréir le hAirteagal 1 54 CFAE, lena gcorpraítear na heagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta ar leibhéal an Aontais a rachfar i gcomhairle leo maidir leis an bhfostaíocht agus le gnóthaí sóisialta a leagtar amach in Airteagal 1 53 den Chonradh, seolfaidh an Coimisiún próiseas comhairliúcháin chun tuairimí na gcomhpháirtithe sóisialta a iarraidh faoin treo ina bhféadfadh gníomhaíocht an Aontais díriú maidir le Treoir 2 002/15/CE, ar cuid de chreat rialála na rialacha sóisialta é maidir le hiompar de bhóthar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is iad príomhghnéithe an togra:

<u>**Treoir 2006/22/CE**</u>

Le hAirteagal 1 leasaítear Treoir 2006/22/CE mar a leanas:

*Airteagal 1 – Ábhar*

Leasaítear Airteagal 1 chun a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag na ceanglais forfheidhmiúcháin a leagtar amach sa Treoir seo maidir le comhlíontacht a rialú le Treoir 2 002/15/CE.

*Airteagal 2 – Córais Seiceála*

Leasaítear an dara fomhír d'Airteagal 2 (1) chun a cheangal seiceálacha ar chomhlíontacht leis na forálacha d'am oibre a leagtar amach i dTreoir 2 002/15/CE a bheith san áireamh sna seiceálacha arna ndéanamh ag na Ballstáit.

Le hAirteagal 2 (3) sonraítear go mbeidh seiceálacha ar chomhlíontacht le Treoir 2 002/15/CE san áireamh sa líon íosta seiceálacha ar chomhlíontacht le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 561/2006.

Ceanglaítear le hAirteagal 2 (4) seiceálacha ar chomhlíontacht le Treoir 2 002/15(CE) a bheith san áireamh san fhaisnéis arna cur isteach ag na Ballstáit chuig an gCoimisiún maidir le torthaí seiceálacha cois bóthair agus ag áitribh.

*Airteagal 6 – Seiceálacha ar áitreabh gnóthais*

Sonraítear le hAirteagal 6 (1) go mbeidh sáruithe ar Threoir 2 002/15/CE san áireamh i sáruithe tromchúiseacha as a dtagann seiceálacha ar áitribh gnóthais iompair de bhóthar.

*Airteagal 7 – Idirchaidreamh laistigh den chomhphobal*

Cuirtear isteach Airteagal 7 (1)(d) chun a cheangal ar údaráis náisiúnta ainmnithe faisnéis a mhalartú maidir le cur chun feidhme na Treorach seo agus Threoir 2 002/15/CE.

*Airteagal 8 Malartú faisnéise*

Leasaítear Airteagal 8 chun an comhar riaracháin agus an cúnamh frithpháirteach idir na Ballstáit a mhéadú. Leasaítear Airteagal 8 (1) lena shonrú go gcumhdaítear sa mhalartú faisnéise idir na húdaráis náisiúnta ainmnithe cur chun feidhme Threoir 2 002/15/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 561/2006. Cuirtear Airteagal 8 (1)a isteach chun sprioc-amanna socraithe a bhunú faoina dtabharfaidh údarás Ballstáit freagairt d'iarrataí ar fhaisnéis ó Bhallstáit eile.

*Airteagal 9 – Córas Rátála Riosca*

Leasaítear Airteagal 9 chun go gcuirfear feabhas ar chomhsheasmhacht agus éifeachtúlacht na gcóras rátála riosca náisiúnta. Cuirtear an dara mír in Airteagal 9 (1) lena gcuirtear ceangal ar an gCoimisiún foirmle aonfhoirmeach a bhunú chun rátáil riosca gnóthas iompair a ríomh; sonraítear inti freisin na critéir a chuirfear san áireamh agus an fhoirmle sin á socrú, lena n-áirítear tacagraf 'cliste' a úsáid. Leasaítear Airteagal 9 (2) chun na Ballstáit a spreagadh le rialacha a phlé maidir le seiceálacha breise a dhéanamh ar áitribh gnóthas iompair de bhóthar a bhfuil rátáil riosca ard acu. Leasaítear Airteagal 9 (4) lena shonrú nach mór na sonraí sa chóras rátála riosca a chur ar fáil do na húdaráis rialaithe. Cuirtear isteach Airteagal 9 (5) lena gcuirtear ceangal ar na Ballstáit an fhaisnéis atá sa chóras rátála riosca náisiúnta a chur ar fáil do Bhallstáit eile arna iarraidh sin.

*Airteagal 1 1 – Dea-chleachtais*

Cuirtear isteach Airteagal 1 1(3) lena gcuirtear ceangal ar an gCoimisiún cur chuige comhchoiteann a bhunú maidir le tréimhsí 'oibre eile' cé is moite de thiomáint a thaifeadadh agus a rialú nuair atá an tiománaí ar shiúl ón bhfeithicil agus ar an gcaoi sin nach bhfuil sé in ann an taifead cuí a dhéanamh ar an tacagraf.

*Iarscríbhinn 1*

Cuirtear isteach Cuid A, pointe (6) chun raon feidhme seiceálacha cois bóthair a leathnú chun comhlíonadh na dteorainneacha ama oibre seachtainiúla a chumhdach. Cuirtear isteach Cuid B, pointe (4) chun fad raon feidhme seiceálacha ar áitribh a leathnú trí sheiceálacha ar an am oibre seachtainiúil, ar shosanna agus ar fhorálacha maidir le hobair oíche a chur san áireamh mar a leagtar amach i dTreoir 2 002/15/CE.

**Rialacha sonracha maidir le postú san earnáil iompair de bhóthar a bhfuil tús áite acu ar fhorálacha áirithe de Threoir 9 6/71/CE agus de Threoir 2 014/67/AE**

*Airteagal 2 , mír 1*

In Airteagal 2 , mír 1 mínítear cuspóirí na rialacha lena leagtar síos an tsainriail maidir le postuithe san earnáil iompair de bhóthar a bhfuil tús áite acu ar fhorálacha ábhartha i dTreoir 9 6/71/CE agus i dTreoir 2 014/67/AE.

*Airteagal 2 , mír 2 agus mír 3*

Sonraítear le hAirteagal 2, mír 2 an tréimhse íosta postúcháin nach mbeidh rialacha na mBallstát is óstach maidir le rátaí íosta pá agus maidir le saoire bhliantúil ar pá faoina mbun sin infheidhme maidir le hoibríochtaí iompair idirnáisiúnta de bhóthar. Ní bheidh feidhm ag an tairseach ama maidir le cabatáiste ós rud é go bhfuil an oibríocht iompair ina hiomláine á déanamh i mBallstát is óstach. Dá bharr sin ba cheart go mbeadh feidhm ag an ráta íosta pá agus ag an líon laethanta saoire íosta sa Bhallstát is óstach maidir le cabatáiste gan beann ar mhinicíocht agus fad na n-oibríochtaí a bhíonn á ndéanamh ag tiománaí. Le mír 3 mínítear a thuilleadh an modh chun tréimhsí postúcháin den chineál sin a ríomh.

*Airteagal 2 , mír 4*

Leagtar síos le hAirteagal 3, mír 4 agus 5, na ceanglais riaracháin agus na bearta rialúcháin shonracha chun chomhlíontacht na bhforálacha d'oibrithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar a sheiceáil.

2017/0121 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmiúcháin agus lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le hoibrithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 9 1(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[12],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[13],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Chun earnáil iompair de bhóthar shábháilte éifeachtúil atá freagrach go sóisialta a fhorbairt is gá dálaí oibre sásúla agus cosaint shóisialta a áirithiú do thiománaithe, ar thaobh amháin, agus dálaí gnó sásúla agus iomaíochta córa d'oibreoirí, ar an taobh eile.

(2) Ní mór aird ar leith a thabhairt ar an tsoghluaisteacht ard a bhaineann le seirbhísí iompair de bhóthar lena áirithiú go mbainfidh tiománaithe leas as na cearta a bhfuil siad ina dteideal agus nach mbeidh ar oibreoirí déileáil le bacainní riaracháin díréireacha a chuirfeadh bac míchuí ar an tsaoirse atá acu seirbhísí trasteorann a sholáthar.

(3) An chothromaíocht idir dálaí sóisialta agus oibre do thiománaithe a fheabhsú agus rannchuidiú le feidhmiú na saoirse seirbhísí iompair de bhóthar a sholáthar atá bunaithe ar an iomaíocht chóir idir oibreoirí náisiúnta agus oibreoirí ón gcoigríoch, tá an chothromaíocht sin ríthábhachtach d'fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh.

(4) Tar éis meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht reachtaíochta sóisialta an Aontais mar atá faoi láthair, sainaithníodh lúba ar lár áirithe sna forálacha atá ann cheana agus easnaimh áirithe ina gcur i bhfeidhm. Ina theannta sin tá roinnt

[12] OO C , , p. .
[13] IO C , , p. .

neamhréireachtaí i léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme na rialacha idir na Ballstáit. Cruthaíonn sin éiginnteacht dhlíthiúil do thiománaithe agus d'oibreoirí, rud atá díobhálach do dhálaí oibre, sóisialta agus iomaíochta san earnáil.

(5) Tá sé bunriachtanach na forálacha ama oibre a fhorfheidhmiú go hiomchuí, go héifeachtach agus go comhsheasmhach chun dálaí oibre tiománaithe a chosaint agus chun saobhadh iomaíochta de thoradh neamhchomhlíontachta a chosc. Dá bhrí sin tá sé inmhianaithe na ceanglais forfheidhmiúcháin aonfhoirmeacha atá ann cheana a leagtar amach i dTreoir 2 006/22/CE a leathnú chun comhlíontacht leis na forálacha ama oibre a leagtar amach i dTreoir 2 002/15/AE a rialú.

(6) An comhar riaracháin idir na Ballstáit maidir le cur chun feidhme na rialacha sóisialta a bhaineann le hiompar de bhóthar, tá sé léirithe go bhfuil sé neamhleordhóthanach, rud a fhágann go bhfuil an forfheidhmiúchán trasteorann níos deacra, níos neamhéifeachtúla agus níos neamh-chomhsheasmhaí. Dá bhrí sin is gá creat a bhunú le haghaidh cumarsáid éifeachtach agus cúnamh frithpháirteach, lena n-áirítear sonraí a mhalartú maidir le sáruithe agus faisnéis maidir le dea-chleachtais forfheidhmiúcháin.

(7) Chun éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht an fhorfheidhmiúcháin a fheabhsú a thuilleadh, is inmhianaithe gnéithe agus úsáid na gcóras rátála riosca náisiúnta atá ann cheana a fhorbairt. Chumasódh rochtain ar na sonraí atá sna córais rátála riosca spriocdhíriú níos fearr ar rialú ar oibreoirí neamhchomhlíontacha agus rannchuideodh foirmle aonfhoirmeach do rátáil riosca níos fearr ar ghnóthas iompair le cóir níos cothroime d'oibreoirí le linn rialaithe.

(8) Ar mhaithe le coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme Threoir 2 006/22/CE, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011[14].

(9) Chonacthas go raibh deacrachtaí i gcur i bhfeidhm na rialacha maidir le hoibrithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar an-soghluaiste a shonraítear i dTreoir 9 6/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] agus na rialacha maidir leis na ceanglais riaracháin a leagtar síos i dTreoir 2 014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16]. Is é a tháinig as na beartais náisiúnta neamhchomhordaithe maidir leis na forálacha i dtaca le postú oibrithe in earnáil an iompair de bhóthar a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, ualaí riaracháin arda d'oibreoirí neamhchónaitheacha an Aontais. Tháinig as sin srianta míchuí a raibh fo-éifeachtaí diúltacha acu ar an tsaoirse seirbhísí iompair trasteorann a sholáthar.

---

14 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

15 Treoir 9 6/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1)

16 Treoir 2 014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le forfheidhmiú Threoir 9 6/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú soláthar seirbhísí agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('Rialachán IMI') (IO L 159, 28.5.2014, lch. 11).

(10) D'aithin an Coimisiún, sa togra uaidh an 8 Márta 2016[17] le haghaidh athbhreithniú ar Threoir 9 6/71/CE, go dtiocfaidh ceisteanna áirithe dlíthiúla agus deacrachtaí san earnáil iompair de bhóthar atá an-soghluaiste as cur chun feidhme na Treorach sin agus léirigh sé gur cheart aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin trí bhíthin reachtaíocht iompair de bhóthar earnáilsonrach.

(11) Chun cur chun feidhme éifeachtach comhréireach Threoir 9 6/71/CE ar an earnáil iompair de bhóthar a áirithiú, ní mór rialacha earnáilsonracha a bhunú lena léireofar leithleachas an lucht saothair an-soghluaiste san earnáil iompair de bhóthar agus lena gcruthófar cothromaíocht idir cosaint shóisialta na dtiománaithe agus an tsaoirse seirbhísí iompair trasteorann d'oibreoirí.

(12) Ba cheart critéir chothromaithe a bheith bunaithe ar choincheap go mbeadh ceangal leordhóthanach idir tiománaí agus críoch i mBallstát is óstach. Dá bhrí sin, ba cheart tairseach ama a bhunú, agus thairsti sin bheadh feidhm ag an ráta íosta pá agus ag an líon laethanta saoire íosta sa Bhallstát is óstach. Níor cheart go mbeadh feidhm ag an tairseach ama maidir le hoibríochtaí cabatáiste mar a shainítear i Rialachán 1072/2009[18] agus Rialachán 1073/2009[19] ós rud é go bhfuil an oibríocht iompair ina hiomláine á déanamh i mBallstát is óstach. Dá bharr sin ba cheart go mbeadh feidhm ag an ráta íosta pá agus ag an líon laethanta saoire íosta sa Bhallstát is óstach maidir le cabatáiste gan beann ar mhinicíocht agus fad na n-oibríochtaí a bhíonn á ndéanamh ag tiománaí.

(13) Chun forfheidhmiú éifeachtach éifeachtúil na rialacha earnáilsonracha maidir le hoibrithe a phostú a áirithiú agus chun ualaí riaracháin míréireacha ar an earnáil oibreoirí neamhchónaitheacha a sheachaint, ba cheart ceanglais riaracháin agus rialúcháin a bhunú in earnáil an iompair de bhóthar, agus leas iomlán a bhaint as uirlisí rialaithe amhail an tacagraf digiteach.

(14) Ba cheart Treoir 2 006/22/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 2 006/22/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"Treoir 2 006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le coinníollacha íosta le haghaidh chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 agus Treoir 2 002/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

[17] COM(2016) 128

[18] Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar (IO L 300, 14.11.2009, lch. 72).

[19] Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 (IO L 300, 14.11.2009, lch. 88)

gComhairle maidir le reachtaíocht shóisialta a bhaineann le gníomhaíochtaí iompair de bhóthar agus lena n-aisghairtear Treoir 8 8/599/CEE";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1 :

"Leagtar síos leis an Treoir seo dálaí íosta maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 agus Rialachán(AE) Uimh 165/2014* agus Treoir 2 002/15/CE**."

---

Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1).

**Treoir 2 002/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 maidir le heagrú ama oibre daoine atá i mbun gníomhaíochtaí soghluaiste iompair de bhóthar (IO L 80, 23.3.2002, lch. 35).";

(3) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i mír 1 , cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Cumhdófar leis na seiceálacha gach bliain trasghearradh mór ionadaíoch d'oibrithe, de thiománaithe, de ghnóthais agus d'fheithiclí soghluaiste atá faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 agus d'oibrithe agus tiománaithe soghluaiste atá faoi raon feidhme Threoir 2 002/15/CE.";

(b) i mír 3 , cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"Déanfaidh gach Ballstát seiceálacha a eagrú ar chaoi ina ndéanfar seiceáil ar 3% de na laethanta arna n-oibriú ag tiománaithe feithiclí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 561/2006, Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 agus Treoir 2 002/15/CE."

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 :

"4. Ar an bhfaisnéis a chuirfear chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 1 7 de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 beidh an líon tiománaithe arna sheiceáil cois bóthair, an líon seiceálacha a dhéanfar ar áitreabh gnóthas, an líon laethanta oibre arna seiceáil, agus líon agus cineál na sáruithe arna dtuairisciú, mar aon le taifead arbh iad paisinéirí nó lasta a bhí á n-iompar."

(4) in Airteagal 6 , cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 :

"1. Déanfar seiceálacha a phleanáil i bhfianaise na taithí a bhí ann cheana i dtaca leis na cineálacha éagsúla iompair agus gnóthais. Déanfar na seiceálacha sin freisin má bhraitear sáruithe ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 nó Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 nó Treoir 2 002/15/CE cois bóthar.";

(5) in Airteagal 7 (1) cuirtear isteach an pointe (d) seo a leanas:

"(d) malartú faisnéise leis na Ballstát eile a áirithiú i ndáil le cur i bhfeidhm forálacha náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo agus Treoir 2 002/15/CE."

(6) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i mír 1 , cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) arna iarraidh sin go réasúnaithe ag Ballstát i gcásanna ar leith."

(b) cuirtear isteach an mhír 1 a seo a leanas:

"1a. Déanfaidh an Ballstát an fhaisnéis a thíolacadh arna iarraidh sin ag na Ballstáit eile de bhun mhír 1 (b) den Airteagal seo laistigh de 25 lá oibre ón uair a gheobhaidh sé an iarraidh i gcásanna inar gá grinnscrúdú a dhéanamh a bhaineann le seiceálacha ar áitreabh na ngnóthas i gceist. Féadfar teorainn ama níos giorra a chomhaontú idir na Ballstáit. I gcásanna práinneacha nó i gcásanna nach gá ach cláir a cheadú, amhail cláir córas rátála riosca, déanfar an fhaisnéis arna iarraidh a thíolacadh laistigh de thrí lá oibre.

I gcás ina measfaidh an Ballstát iarrtha nach bhfuil an iarraidh réasúnaithe go leor, cuirfidh sé an Ballstát is iarrthóir ar an eolas faoi sin faoi cheann 10 lá oibre. Cuirfidh an Ballstát is iarrthóir go mór leis an iarraidh. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, féadfaidh an Ballstát an iarraidh a dhiúltú.

I gcás ina bhfuil sé deacair nó dodhéanta glacadh le hiarraidh ar fhaisnéis nó le seiceálacha, cigireachtaí nó imscrúduithe a dhéanamh, cuirfidh an Ballstát atá i gceist an Ballstát is iarrthóir ar an eolas faoi sin faoi cheann deich lá oibre, agus tabharfaidh sé cúiseanna leis sin. Beidh plé ag na Ballstáit lena mbaineann d'fhonn réiteach a fháil maidir le haon deacracht a thagann chun cinn.".

(7) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 :

"1. Tabharfaidh na Ballstáit córas rátála riosca isteach do ghnóthais agus beidh sin bunaithe ar líon coibhneasta agus ar dhéine choibhneasta aon sáraithe atá déanta ag gnóthas ar Rialachán (CE) Uimh. 561(2006) nó Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 nó ar fhorálacha lena dtrasuitear Treoir 2 002/15/CE.

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligean foirmle chomhchoiteann a bhunú chun rátáil riosca gnóthas a ríomh ina gcuirfear san áireamh líon, déine agus minicíocht na sáruithe mar aon le torthaí na rialuithe i gcás nár braitheadh aon sárú nó nár braitheadh an raibh tacagraf cliste á úsáid ag gnóthas iompair de bhóthar, de bhun Chaibidil II de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014, ar a fheithiclí go léir. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 1 2(2) den Treoir seo."

(b) i mír 2, scriostar an dara habairt.

(c) cuirtear isteach Airteagal 4 agus Airteagal 5 mar a leanas:

"4. Chun seiceálacha spriocdhírithe cois bóthair a éascú, beidh rochtain, tráth an rialaithe, ar na sonraí atá sa chóras rátála riosca ag údaráis rialúcháin inniúla an Bhallstáit i gceist;

5. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis atá sa chóras rátála riosca ar fáil arna iarraidh sin nó tabharfaidh siad rochtain dhíreach uirthi d'údaráis inniúla na mBallstát i gcomhréir leis na teorainneacha ama a leagtar amach i nAirteagal 8 .";

(8) in Airteagal 1 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 :

"3. Déanfaidh an Coimisiún cur chuige comhchoiteann a bhunú maidir le tréimhsí oibre eile a thaifeadadh agus a rialú, mar a shainmhínítear i bpointe (e) d'Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006, agus tréimhsí seachtaine ar a laghad ina mbíonn an tiománaí ar shiúl ón bhfeithicil, trí ghníomhartha tarmligthe. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 1 2(2)";

(9) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) i gCuid A, cuirtear isteach an pointe (6) seo a leanas:

"(6) tréimhsí oibre seachtainiúla mar a leagtar amach in Airteagal 4 agus Airteagal 5 de Threoir 2 002/15/CE.";

(b) i gCuid B, cuirtear isteach an pointe (4) seo a leanas:

"(4) ceanglais maidir le tréimhsí oibre seachtainiúla, sosanna agus obair oíche mar a leagtar amach in Airteagal 4 , 5 agus Airteagal 7 de |Threoir 2 002/15/CE.".

*Airteagal 2*

1. Bunaítear leis an Airteagal seo rialacha mionsonraithe maidir le gnéithe áirithe de Threoir 9 6/71/CE maidir le tiománaithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar agus de Threoir 2 014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais riaracháin agus bearta rialúcháin i dtaca le tiománaithe a phostú.

2. Ní chuirfidh na Ballstáit pointe (b) agus pointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 3 (1) de Threoir 9 6/71/CE i bhfeidhm maidir le tiománaithe san earnáil iompair de bhóthar arna bhfostú ag gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 1 (3)(a) den Treoir sin, nuair a bheidh oibríochtaí iompair idirnáisiúnta á ndéanamh acu mar a shainítear i Rialachán 1072/2009 agus Rialachán 1073/2009 i gcás inar giorra an tréimhse postúcháin ina gcríoch nó inar cothrom í le 3 lá le linn aon mhí féilire amháin.

Nuair is faide an postúchán ná 3 lá, cuirfidh na Ballstáit pointe (b) agus pointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 3 (1) de Threoir 9 6/71/CE i bhfeidhm do thréimhse iomlán an phostúcháin ina gcríoch le linn na tréimhse aon mhíosa féilire amháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

3. Chun na tréimhsí postúcháin a ríomh dá dtagraítear i mír 2 :

(b) measfar gur leathlá í tréimhse oibre laethúil is giorra ná sé uair an chloig a chaithfear i gcríoch Ballstáit is óstach;

(c) measfar gur lá iomlán í tréimhse oibre laethúil sé uair an chloig nó níos mó a chaithfear i gcríoch Ballstáit is óstach;

(d) measfar gur tréimhse oibre iad sosanna agus tréimhsí scíthe a chaithfear i gcríoch Ballstáit is óstach.

4. Ní fhéadfaidh na Ballstáit ach na ceanglais riaracháin agus na bearta rialúcháin seo a leanas a fhorchur:

(e) oibleagáid ar an oibreoir iompair de bhóthar atá lonnaithe i mBallstát eile dearbhú postúcháin a sheoladh chuig na húdaráis náisiúnta inniúla ag tús an phostúcháin ar a dhéanaí i bhfoirm leictreonach, i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit is óstach nó i mBéarla ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas agus an méid sin amháin:

(i) céannacht an oibreora iompair de bhóthar;

(ii) sonraí teagmhála an bhainisteora iompair nó an duine/na ndaoine teagmhála eile i mBallstát an lonnaithe a dhéanfaidh idirchaidreamh le húdaráis inniúla an Bhallstáit is óstach ina gcuirtear na seirbhísí ar fáil agus a dhéanfaidh doiciméid agus fógraí a chur amach agus glacadh leo;

(iii) líon ionchais agus céannacht na dtiománaithe arna bpostú;

(iv) tréimhse ionchais dáta tosaithe beartaithe agus dáta críochnaithe beartaithe an phostúcháin;

(v) uimhirphlátaí na bhfeithiclí arna n-úsáid don phostú;

(vi) cineál na seirbhísí iompair, is é sin le rá, iompar earraí, iompar paisinéirí, iompar idirnáisiúnta, oibríocht chabatáiste;

(f) oibleagáid ar an tiománaí cóip den dearbhú postúcháin a choinneáil agus a chur ar fáil, arna iarraidh sin tráth an rialaithe cois bóthair, agus fianaise i bhfoirm páipéir nó leictreonach maidir leis an oibríocht iompair arna déanamh sa Bhallstát is óstach, amhail nóta coinsíneachta leictreonach (e-CMR) nó fianaise dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(g) oibleagáid ar an tiománaí na taifid tacagraif a choinneáil agus a chur ar fáil, arna iarraidh sin tráth an rialaithe cois bóthair, agus cóid tíre na mBallstát ina raibh an tiománaí i láthair chun oibríochtaí iompair idirnáisiúnta de bhóthar nó oibríochtaí cabatáiste a dhéanamh;

(h) oibleagáid ar an tiománaí, i bhfoirm páipéir nó leictreonach, cóip den chonradh fostaíochta nó doiciméad coibhéiseach de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 9 1/533/CEE ón gComhairle[20] arna aistriú go ceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit is óstach nó go Béarla, a choinneáil agus a chur ar fáil, arna iarraidh sin tráth an rialaithe cois bóthair;

(i) oibleagáid ar an tiománaí cóip de dhuillíní pá don dá mhí dheireanacha a chur ar fáil, i bhfoirm páipéir nó leictreonach, arna iarraidh sin, tráth an rialaithe cois bóthair; le linn na seiceála cois bóthair, ceadófar don tiománaí dul i dteagmháil leis an gceannoifig, leis an mbainisteoir iompair nó le haon duine nó eintiteas eile a fhéadfaidh an chóip sin a sholáthar;

[20] Treoir 9 1/533/CEE ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 1991 maidir le hoibleagáid ar fhostóir a chuid fostaithe a chur ar an eolas faoi na coinníollacha is infheidhme maidir leis an gconradh nó leis an gcaidreamh (IO L 288, 18.10.1991, lch 32)

(j) oibleagáid ar an oibreoir iompair de bhóthar cóipeanna de na doiciméid dá dtagraítear i bpointe (b), pointe (c) agus pointe (e) a sheachadadh, tar éis thréimhse an phostúcháin, i bhfoirm páipéir nó leictreonach, arna iarraidh sin ag údaráis an Bhallstáit is óstach laistigh de thréimhse réasúnach;

5. Chun críocha phointe (a) de mhír 4 féadfaidh an t-oibreoir iompair de bhóthar dearbhú postúcháin a sholáthar lena gcumhdófar tréimhse sé mhí ar a mhéid.

*Airteagal 3*

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme na Treorach seo, ar thionchar Airteagal 2 go háirithe, faoi [3 bliana i ndiaidh dháta thrasuí na Treorach seo] agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil ón gCoimisiún.

2. Mar thoradh ar an tuarascáil dá dtagraítear in mír 1, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht rialta ar an Treoir seo agus na torthaí meastóireachta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

3. I gcás inarb iomchuí, beidh tograí ábhartha ag gabháil leis na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2.

*Airteagal 4*

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin […] [Beidh an teorainn ama don trasuí chomh gearr agus is féidir agus go ginearálta, ní rachaidh sé thar dhá bhliain]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón […].

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 6*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |